C/2025/2333

16.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11927 — IK PARTNERS / SAGARD / STERIMED)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2333)

1. An 8 Aibreán 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— IK Investment Partners AIFM (Lucsamburg) (in éineacht lena ghnóthais chleamhnaithe, cistí a bhainistítear go díreach agus feithiclí, 'IK Partners', an Ríocht Aontaithe),

— Sagard SAS (in éineacht lena ghnóthais chleamhnaithe, cistí a bhainistítear go díreach agus feithiclí, 'Sagard', an Fhrainc).

Sainaithnítear an Sprioc mar Sterimed International SAS ('Sterimed', an Fhrainc), atá faoi rialú Sagard.

Gheobhaidh IK partners agus Sagard rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Sterimed.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh IK Partners a dhíríonn ar an deighleog mheánmhargaidh. Infheistíonn sé i gceithre straitéis chomhlántacha (straitéisí meánchaipitlithe, meánchaipitlithe beaga, caipitil forbraíochta, ciste comhpháirtíochta) agus i gceithre earnáil (earnálacha na seirbhísí gnó, na dtomhaltóirí, an chúraim sláinte agus na tionsclaíochta),

— Is cuideachta bainistíochta punainne Sagard SAS atá gníomhach i ndeighleoga an chothromais phríobháidigh ghiaráilte agus an chaipitil fáis. Infheistíonn na cistí a bhainistíonn sé i gcuideachtaí beaga agus cuideachtaí mheánmhéide i ngach earnáil ghnó.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Sterimed: Soláthraíonn sé pacáistíocht leighis do mhonaróirí feistí leighis agus saoráidí cúraim sláinte othar. Cuireann sé cineálacha iomadúla ábhar insteirilithe ar fáil, ábhair a thiontaíonn sé ina dtáirgí atá réidh le húsáid le haghaidh próisis steiriliúcháin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11927 — IK PARTNERS / SAGARD / STERIMED

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË